Is ard go fóill don leibhéal iarratas neamhiomlán ag 60% agus meabhraítear do thiarnaí talún, sa chás gur féidir, gur cheart dóibh clárú ar líne agus, murar féidir, ba cheart dóibh a chinntiú gur sheol siad foirm iarratais chomhlánaithe isteach, mar aon leis an táille cheart. Táthar ag súil go ndéanfaidh meascán de chóras clárúcháin ar líne, athruithe reachtaíochta agus simpliú na foirme clárúcháin an méid iarratas neamhiomlán a laghdú.

Innéacs Cíos a Sholáthar

“Tá Innéacs Cíos an BTCP/ESRI ar an tuarascáil chíos is cruinne agus is údarásaí dá cineál ar an earnáil phríobháideach chóiríochta in Éirinn mar gheall go léiríonn sí na cíosanna féin atá á n-íoc, de réir thaifid an BTCP, seachas an cíos a iarradh nó a fógraíodh, atá mar bhonn le tuarascálacha eile”.

Ar cheann de róil an BTCP is ea faisnéis a bhaineann leis an earnáil phríobháideach chónaithe ar cíos a bhailiú agus a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le leibhéal reatha cíos. I nDeireadh Fómhair 2012, tar éis próiseas tairisceana, chuir an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta tús le hobair ar bheart cíos don BTCP. Theastaigh roinnt aschuir shonraithe ón tionscadal. Ba iad seo:

- › Tuarascáil Innéacs Cíos stairiúil le táblaí agus tráchtareacht.
- › Tuarascáil ráithiúil Innéacs Ráithiúil.
- › Tacar sonraí ar an meánchíos.

Cuireadh an chéad tuarascáil ar an Innéacs Cíos, a bhailigh na treochtaí ar leibhéal chíos ag dul siar go dtí 2007 agus Innéacs Cíos Ráithe 1 2013, i dtoll a chéile in Aibreán 2013. Sheol an tAire Stáit Tithíochta agus Pleanála, an tUasal Jan O’Sullivan, T.D., an tInnéacs go hoifigiúil an 8 Bealtaine 2013. Is é an tInnéacs Cíos an tuarascáil chíos is cruinne agus is údarásaí dá cineál dá bhfuil ann ar an earnáil chóiríochta príobháidí in Éirinn mar gheall go léirítear inti na cíosanna iarbhír atá á n-íoc, de réir thaifid an BTCP, seachas an cíos a iarrtar nó a fhógraítear, ata mar bhonn le tuarascálacha eile.

Tá an tInnéacs Cíos bunaithe ar shonraí a luaitear gan ainm a sholáthair an BTCP don ESRI. Soláthraítear é trí mhodheolaíocht chúlaithe saintréithe ar modh í chun éileamh nó praghsanna a mheas, i.e. déanann sé an t-earra a bhfuil taighde á dhéanamh air a dhianscaoileadh isteach ina shaintréithe (e.g. méid na háite cónaithe, saghas na réadmhaoine, láthair etc.) agus faigheann sé meastacháin ar an luach atá ar gach saintréith. Cuimsítear faisnéis san innéacs cíos a bhaineann le naoi gcatagóir éagsúla, i.e. náisiúnta, Baile Átha Cliath, Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus déantar miondealú breise air de réir shaghas an tí agus an árasáin.

Cabhraíonn an t-innéacs le réimse cuspóirí Rialtais, lena n-áirítear beartas tithíochta go ginearálta agus faisnéis a sholáthar do scéim Forlíonadh Cíos na Roinne Coimirce Sóisialaí. Anuas air sin, is cáipéis thábhachtach tagartha í i ndíospóidí tiarna talún/tionónta ar chíos.

Forbraíodh é i gcomhairle agus i gcomhar le grúpaí ionadaíocha tiarnaí talún, ar nós Chumann Úinéirí Réadmhaoine na hÉireann, irishlandlord.com, Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla, Cumann na Suirbhéirí Cairte in Éirinn, agus grúpaí ionadaíocha tionóntaí ar nós Threshold agus an USI (Aontas na Mac Léinn in Éirinn). Rinneadh Innéacs Cíos 2013 le haghaidh ráithe 2, 3 agus 4 a eisiúint i Meán Fómhair agus i Nollaig 2013, agus i Márta 2014 faoi seach.

Tá fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe sa tacar sonraí ar mheánchíos. Cuireann sé ar chumas daoine seiceáil a dhéanamh ar an meánchíos atá á íoc ag tréimhsí áirithe ama i gcás cúig chatagóir éagsúla ama de shaghsanna áiteanna cónaithe in 446 láthair ar fud na tíre, i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon. Tá roghnú na láithreach bunaithe ar dhaonra agus ar mhéid an tacaí shonraí. Cuireann seo ar chumas daoine a sheiceáil céard é an cíos cruinn atá á íoc, cuirimid i gcás, le haghaidh teach leathscoite nó árasán dhá sheomra leapa ina gcomharsanacht, agus i gcodanna eile den tír.

Treochtaí an Innéacs Chíos in 2013

Ar bhonn bliantúil, go náisiúnta, bhí cíosanna 3.0% níos airde ná mar a bhí siad ag deireadh 2012. Go náisiúnta, bhí cíosanna ar thithe 1.4% níos airde, agus bhí cíosanna ar árasáin 4.6% níos airde. Bhí an borradh bliantúil a tháinig ar mhargadh Bhaile Átha Cliath níos threise, agus tháinig méadú 7.1% air agus tháinig méadú 6.2% ar chíosanna tí i mBaile Átha Cliath agus tháinig méadú 7.4% ar chíosanna árasáin i mBaile Átha Cliath.


I gcodarsnacht leis sin, bhí smacht níos fhearr ar an mborradh bliantúil a tháinig ar chíosanna sa mhargadh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus cuireadh borradh 0.8% i dtaifead nuair a chuirtear i gcomparáid é le deireadh 2012.

Arís eile, is éagsúil an fheidhmíocht de réir shaghas na réadmhaoine. Tháinig méadú 0.1% ar an gcíos ar thithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus tugadh méadú 2.9% faoi deara ar árasáin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


Taispeánann an tInnéacs Cíos, go náisiúnta, gur bhain cíosanna buaicphointe amach sa cheathrú ráithe in 2007 sular tháinig meath 25.6% orthu chuig na figiúirí ab ísle sa chéad ráithe in 2012. Faoi Ráithe 4, bhí cíosanna 3.7% níos airde, go náisiúnta, ná na figiúirí ab ísle. Tharla go leor den mhéadú a thit amach ó thús 2012 i leith in 2013, agus bhí cíosanna 3.2% níos airde i Ráithe 4 nuair a chuirtear iad i gcomparáid leis an gcéad ráithe sa bhliain. Thit an borradh ba mhó amach i margadh Bhaile Átha Cliath, agus tháinig méadú 9.3% ar chíosanna árasáin idir Ráithe 1 agus Ráithe 4, 2013, agus tháinig méadú 5.8% ar chíosanna tí i mBaile Átha Cliath thar an tréimhse chéanna. Cé go raibh an buaic-ísealphointe i margadh Bhaile Átha Cliath cosúil leis sin a tugadh faoi deara go náisiúnta, mar gheall ar threise an téarnaimh i mBaile Átha Cliath, tá cíosanna 13.2% níos airde anois ná mar a bhí siad ag a bpointe ab ísle. I gcodarsnacht leis sin, bhí smacht níos mhó ar an margadh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus léirigh cíosanna tí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath meath 0.2% sa bhliain.




Innéacs Cíosa an BTCP - Náisiúnta



Innéacs Cíosa an BTCP - Baile Átha Cliath



Innéacs Cíosa an BTCP – Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath



Conas an tInnéacs Cíosa a sheiceáil?

Chun an tInnéacs Cíosa agus an tacar sonraí ar mheánchíos a sheiceáil, logáil ar láithreán gréasáin an BTCP ag www.prtb.ie. Clliceáil ar an íocón **“Innéacs Cíosa”**.

Gnéithe de Chlár na dTionóntachtaí atá ar fáil don Phobal

Tá ar an BTCP clár a choimeád ar thionóntachtaí i gcomhréir leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 agus chun bunachar sonraí atá cothrom le dáta a choimeád ar mhaithe le cuspóirí faisnéise, déanta beartais agus staitistiúla. Sliocht atá sa chlár ó chlár na dtionóntachtaí agus cuimsítear ann sonraí ón bhfoirm chlárúcháin a sholáthraíonn an tiarna talún nó an gníomhaire. Soláthraíonn an clár seoladh na háite cónaithe ar cíos; cur síos ar an áit chónaithe; an líon seomraí leapa agus na spásanna leapa; agus achar an urláir.

Ní chuimsítear sa chlár foilsithe aon fhaisnéis as a bhféadfaí an tiarna talún nó an tionónta nó an cíos iníoctha a shainaithint.

Conas a sheiceáil an bhfuil réadmhaoin ar cíos claraithe?

Leis an gclár foilsithe a sheiceáil, logáil ar láithreán gréasáin an BTCP's ag www.prtb.ie. Clliceáil ar an íocón **“An bhfuil mo Thionóntacht Cláraithe?”**;

clliceáil ansin ar an gcontae cuí agus déan seoladh na háite cónaithe ar cíos a chuardach.

Tá fáil ar an gclár i bhformáid PDF agus Excel araon. Nuashonraítear an clár foilsithe ar an láithreán gach seachtain. Má tá tú ar an eolas ar mhaoin ar cíos nach bhfuil cláraithe, féadfaidh tú seo a thuirsciú don BTCP, faoi rún daingean, ag Enforcement@BTCP.ie.

Cistiú Údarás Áitiúil ón BTCP chun na hÍoschaighdeáin a fhorfheidhmiú


I gcomhréir le forálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, soláthraítear cistiú do na hÚdaráis Áitiúla chun íoc as costas na gcigireachtaí ar chóiríocht phríobháideach chónaithe ar cíos. De bhun treoracha sonracha íocaíochta a rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rinneadh an cúigiú cuid den ioncam ón táille chlárúcháin a leithdháileadh ar na hÚdaráis Áitiúla in 2013. Choimeád an BTCP an fuilleach chun íoc as a gcostais féin oibriúcháin. Coimeádann an BTCP an t-airgead seo ar chumas muiníneach agus b'ionann an tsuim a íocadh amach le hÚdaráis Áitiúla in 2013 faoi threoir ón An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus €1.2 milliún, agus mhéadaigh seo an tsuim iomlán a d'íoc an BTCP amach le hÚdaráis Áitiúla ó 2004 go dtí €26,619,000.

Tá fáil ar rátaí cigireachta an Údaráis Áitiúil agus na hÍoschaighdeáin nua i gCóiríocht Phríobháideach ar Cíos ó láithreán gréasáin an An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. www.environ.ie.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Clárúcháin in 2013

Srachféachaint ar Fhorfheidhmiú Clárúcháin in 2013	
Fógraí Faisnéise Ginearálta do thiarnaí talún ar an dualgas dlíthiúil chun clárú	24,646
Fógraí Oifigiúla Forfheidhmithe	8,068
Litreacha Rabhaidh ó Atur nae	1,079
Fógraí Áititheora	175
Gairmeacha a Eisíodh	50

Gníomh Forfheidhmithe Clárúcháin in 2013



Téann an BTCP sa tóir ar thiarnaí talún mar gheall ar neamhchlárú. Má theipeann orthu tionóntacht a chlárú, d'fhéadfaí iad a ionchúiseamh agus fineálacha a mhéid le €4,000 a ghearradh agus/nó téarma príosúin a fhad le sé mhí a ghearradh orthu.

Tá na gníomhaíochtaí forfheidhmithe faoina dtugann an BTCP i gcomhréir le forálacha Acht um Thionóntachtaí Cónaitheacha 2004, go háirithe ailt 144 agus 145. Faigheann an BTCP faisnéis ó líon foinsí, lena n-áirítear:

- › An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) – an bunachar sonraí forlíonadh cíosa
- › Údarás Áitiúla – caighdeán le haghaidh cigireachtaí ar áiteanna cónaithe ar cíos

- › An Pobal Ginearálta - comharsana
- › TDanna, Comhairleoirí Gardaí
- › Tionóntaí
- › Rannóga Díospóide/Clárúcháin (atreoruithe inmheánacha ón BTCP)

Tugadh córais nua TFC isteach go luath in 2011 chun comparáid a éascú idir bunachair sonraí le gníomhaireachtaí agus ranna eile stáit chun tiarnaí talún neamhchlárú a shainaithint ar mhaithe le cuspóirí comhlíonta. Anuas air sin, cabhraíonn bogearraí nua bainistíochta cásanna le cásanna atá á n-ionchúiseamh a bhainistiú.


In 2013, le cabhair ón gcóras nua TFC agus leis an gcomhoibriú a fuair an BTCP ó chomhlachtaí eile na hearnála poiblí a bhí ní ba dlúithe ná riamh roimhe sin, rinne an BTCP an ghníomhaíocht i leith tiarnaí talún neamhchlárú a threisiú. Eisíodh 33,968 fógra forfheidhmithe/litir rabhaidh atur nae, ar an iomlán, do thiarnaí talún in 2013, ar féidir miondealú a dhéanamh orthu mar seo a leanas::

- › 24,646 Fógra um Fhaisnéis Ghinearálta a chur tiarnaí talún ar an eolas ar a ndualgas dlíthiúil chun clárú faoin Acht agus na pionóis a ghearrtar mar gheall ar neamhchomhlíonadh
- › 8,068 Fógra um Fhorfheidhmiú Oifigiúil faoi Alt 144 den Acht a chuir tiarnaí talún ar an eolas gurb é tuairim an Bhoird go bhfuil tionóntacht ann nó go raibh tionóntacht ann, agus go bhfuil sé de rún acu ionchúiseamh a dhéanamh mura gcláraítear an tionóntacht.
- › 1,079 litir rabhaidh ó atur nae
- › 175 Fógra d'Áititheoirí

Léirítear sa tábla agus sa chart a leanas an miondealú ar fhoinsé na 9,322 atreorú inar eisíodh fógraí oifigiúla forfheidhmithe, litreacha rabhaidh ó aturnaetha agus fógraí d'áititheoirí:

Atreoruithe na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS)	Atreoruithe Inmheánacha	Atreoruithe Seachtracha			Iomlán
		Muintir an Phobail	Údaráis Áitiúla	Eile	
7,399	302	885	682	54	9,322

Foinse an Atreoraithe chun Fógra/Litir a Eisiúint



Ba é toradh na gníomhaíochta gur seirbheáladh 50 Gairm na Cúirte Dúiche ar thiarnaí talún mar gheall gur theip orthu a dtionóntachtaí a chlárú leis an BTCP, in ainneoin go bhfuair siad líon fógraí reachtúla agus litreacha rabhaidh ó aturnaetha a d'iarr orthu amhlaidh a dhéanamh. Leagtar amach an miondealú ar thoradh na gcásanna seo sa tábla thíos.

Toradh Imeachtaí Cúirte

Achoimre ar Imeachtaí Díl 2013	
Gairmeacha Iomlána a Eisíodh	50
Iomlán na gCásanna a bhí á gcur san Áireamh	6
Iomlán na gcásanna a scriosadh amach	7*
Iomlán na gCiontuithe ar seasadh leo go fóill	34
Iomlán na gCásanna a cuireadh ar athló (ar feitheamh éisteachta/pianbhreithe)	3
Iomlán na nAchomharc nár éisteadh leo go fóill	0
Líon na dtiarnaí talún atá i gceist	22


* Rinneadh trí chiontú a chur ar ceal ar achomharc dóibh agus cuirtear iad seo san áireamh san fhiigiúr cásanna a scriosadh amach

Tugtar sa tábla thíos miondealú breise ar an líon tiarnaí talún a ndearnadh a chiontú, an contae ina gcónaíonn siad agus na costais, fineálacha agus na ranníocaíochtaí carthanúla a thug na Cúirteanna dóibh.

Miondealú agus Costas Iomlán ar Thiarnaí Talún


Achoimre ar Chiontuith	Líon na dTiarnaí Talún	Líon na gCiontuith Convictions	Costais	Fíneálacha
Loch Garman	2	2	€5,575.00	€6,000.00
Tiobraid Árann	2	7	€15,225.00	€15,000.00
Baile Átha Cliath	5	14	€8,750.00	€6,000.00
An Clár	1	2	€2,500.00	€300.00
Dún na nGall	4	4	€11,150.00	€11,000.00
Lú	1	1	€2,500.00	€500.00
Corcaigh	3	3	€7,500.00	€4,500.00
Luimneach	1	1	€2,500.00	€3,000.00
Iomlán	19	34	€55,700.00	€46,300.00
Ciontú ar bith ach rinneadh na costais a dhámhachtain	Líon na dTiarnaí Talún	Costais	Ranníocaíocht Charthanúil	
Muineachán	1	€1,000.00	€250.00	
Baile Átha Cliath	2	€8,500.00	€2,800.00	
Ceatharlach	1	€2,000.00	€300.00	
Ciarraí	1	€3,075.00		
Iomlán	5	€14,575.00	€3,350.00	

Léiríonn an chart thíos an costas iomlán ar thiarnaí talún agus miondealú ar an gcéanna.



Déantar gach iarracht lena chinntiú go ndíríonn gníomh forfheidhmithe ar thiarnaí talún i láithreacha éagsúla timpeall na tíre ar bhealach cóir. Léiríonn an chart thíos scaipeadh na ngairmeacha a eisíodh in 2013.

Gairmeacha a Eisíodh de réir Chontae Chónaithe an Tiarna Talún



Gníomhaíochtaí Réitigh Díospóidí in 2013

Seirbhísí Réitigh Díospóidí an BTCP 2013	Líon na nIarratasóirí	Líon na gcúiseanna a bhí le díospóidí
Iarratais ar Sheirbhísí Breithiúnais agus Idirghabhála	2,861	5,291
Iarratais ar Bhinsí	388	728 laistigh de na 278 binse a tionóladh
Líon na nglaoanna i dtaobh díospóidí a láimhseáladh	28,084	

Seirbhís Díospóide an BTCP a Ríomhairiú in 2013

Fuair an BTCP 2,861 iarratas ar Réiteach Díospóide in 2013. Ba í seo an chéad bhliain iomlán inar próiseáladh na hiarratais go léir ar dhíospóid tríd an gCóras Bainistíochta Tionóntachta (CBT).

Chuir an teicneolaíocht chomhtháite seo ar ár gcumas, den chéad uair, anailís iomlán a dhéanamh ar na catagóirí díospóide agus ar na cúiseanna go ndéanann páirtithe iarratas ar an mBord le haghaidh réiteach díospóide. As na 2,861 iarratas a fuarthas, bhí 5,291 cúis ann le díospóid, faoi mar a thug páirtithe an iarratasóra le fios, agus níor mhór gach ceann a láimhseáil tríd an bpróiseas réitigh díospóidí.

Rochtain a fháil ar an tSeirbhís Réitigh Díospóidí

Tagann an BTCP in ionad na gCúirteanna i gcás thromlach mór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí. Ar tháille mheasartha €25 nó €15 (má sheoltar isteach ar líne é), féadfaidh tionónta, tríú páirtí nó tiarna talún cláraithe iarratas a dhéanamh ar an mBord ar sheirbhísí breithiúnais nó idirghabhála. Bíonn Breithiúnais agus Idirghabhálacha ar bun i seacht láthair réigiúnacha ar fud an chontae.

Déanfar Ordú Cinnidh den BTCP a bheidh ina cheanglas de bhreithiúnas nó d'idirghabháil nach ndéantar a achomharc chuig an mBinse laistigh de 21 lá. Féadfaidh páirtithe forfheidhmiú an Ordaithe seo a iarraidh trí na Cúirteanna, i gcásanna neamhchomhlíonta. Is é beartas an BTCP torthaí Orduithe Cinnidh gach cáis a fhoilsiú; ach is í idirghabháil an eisceacht atá leis an riail seo, mar gheall go bhfuil toradh na hidirghabhála faoi rún.

Idirghabháil Gutháin

Go déanach in 2013, thug an BTCP seirbhís idirghabhála gutháin isteach ar bhonn piolótach sé mhí mar bhealach áisiúil chun dul i ngleic le díospóidí go mear agus go héifeachtach. Is í idirghabháil an modh is tapúla agus is éifeachtúla chun réiteach díospóide a dhéanamh in Éirinn. Sábhálann sí am, airgead agus cáil. Cur chuige neamsharaíochta í a léiríonn meas agus ina mbíonn bua ag gach taobh. Éiríonn go maith le hidirghabháil chun réitigh a bhaint amach ar féidir le gach páirtí comhaontú a dhéanamh orthu. Téitear i dteagmháil leis an dá thaobh ar bhonn aonair ar an nguthán agus, trí shraith glaonna, éascaíonn an t-idirghabhálaí na páirtithe chun réiteach comhaontaithe a bhaint amach laistigh de thréimhse ghearr ama. A bhuíochas leis an tseirbhís ghutháin, ní gá do pháirtí a dteach nó a n-oifig a fhágáil chun freastal ar éisteacht. Féadfaidh páirtithe a ndíospóid a réiteach le cabhair ó idirghabhálaí oilte, gan é a bheith riachtanach casadh nó labhairt leis an bpáirtí eile. Má thugann an dá pháirtí faoin bpróiseas, féadtar saincheisteanna a réiteach i líon seachtainí i gcomparáid le míonna, i gcás éisteachtaí breithiúnais. Tugann an BTCP tús áite d'idirghabháil, agus is modh mear agus éifeachtúil í do pháirtithe i gcás chun díospóid a réiteach. Sa chás nach féidir réiteach sásúil a bhaint amach, féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh le Binse.

Is iad na sochair a bhaineann chuig hidirghabháil gutháin::

Luas – seachtainí i gcomparáid le míonna i gcás breithiúnais. Tugtar tús áite do chásanna agus é ina chuspóir comhaontú a bheith bainte amach laistigh de líon seachtainí. Is gnách go dtugtar faoin idirghabháil laistigh d'uair an chloig amháin.

Ráta ratha – 93% go dtí seo, nuair a thugann an dá pháirtí faoin bpróiseas.

Rialú– Bíonn smacht ag na páirtithe ar an bpróiseas i gcónaí agus baineann siad a gcomhaontú féin amach ar féidir leis an mbeirt acu comhaontú a dhéanamh air.

Áisiúlacht – Ní gá do cheachtar páirtí freastal ar éisteacht; taisteal chuig/ó láthair na héisteachta agus ní gá do cheachtar acu am a ghlacadh saor ón obair/coláiste. Déanfaidh an t-idirghabhálaí gutháin, sa chás gurb inchleachtaithe, oibriú de réir na fála a bhíonn ar na páirtithe.

Níos lú páipéarachais i gcomparáid leis an bhfianaise a sholáthraítear ag éisteachtaí breithiúnais.

Príobháideach agus faoi Rún – Bíonn an díospóid príobháideach i measc na bpáirtithe, ní fhoilseofar an tOrdú Cinnidh ar ár láithreán gréasáin, arb é seo an cleachtas i ngach éisteacht bhreithiúnais.

Tá téarmaí na gcomhaontú ina gceanglas dlíthiúil agus is féidir iad a fhorfheidhmiú.

Seirbhísí Díospóide a Sheachfhoinsiú in 2013

Choimisiúnaigh an BTCP staidéar neamhspleách ar sheachfhoinsiú i bhFeabhra 2011. Ba í príomhchonclúid na tuarascála nach bhféadfadh an BTCP feidhmiú leis an líon foirne de 33 a d'ordaigh an Chreatlach Rialaithe Fostaíochta (a rialaíonn an soláthar foirne i ngach limistéar den Earnáil Phoiblí), go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an t-éileamh síormhéadaitheach ar sheirbhísí Díospóide, Binse agus Forfheidhmithe an BTCP, agus an leibhéal leanúnach d'idirghabháil a theastaíonn chun cabhrú le tiarnaí talún sa phróiseas clárúcháin. Bhí sé ina chonclúid ag an tuarascáil, d'fhonn go mbeidh an BTCP in ann a sainchúram a bhaint amach, ba dhealraitheach gurbh é seachfhoinsiú an t-aon rogha inmhharthana sna chéad bhlianta eile amach romhainn. Comhaontaíodh ar an gcur chuige seo leis an mBord.

I gcaitheamh 2012, tugadh faoin soláthar do sheachfhoinsiú faoin nós imeachta idirphlé iomaíoch, faoi mhaoirsiú Coiste Stiúrtha a cheap an Bord agus le cúnaimh ó Chomhairleoirí Soláthair Achilles. Bronnadh an conradh in Iúil 2012 ar SouthWestern, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí.


Cé gur cuireadh tús leis an obair roimhe sin san eagraíocht ar sheachfhoinsiú seirbhísí ionad glaonna, mar aon le seirbhísí bainistíochta cáipéisí in 2012, rinneadh breis dul chun cinn in 2013 nuair a tugadh isteach breis seirbhísí riaracháin a bhí á soláthar ag SouthWestern. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil croíghníomhaíochtaí réitigh díospóidí an BTCP in oifigí an BTCP go fóill, agus tabharfaidh foireann an BTCP fúthu siúd.

Na Príomhchatagóirí Díospóide in 2013

Faoi mar a luadh roimhe seo, fuarthas 2,861 iarratas ar réiteach díospóide in 2013, ina raibh 5,291 catagóir de dhíospóid ó pháirtithe iarratasóra. Ba í an phríomhchatagóir dhíospóide riaráistí cíosa (999 cás) agus coimeád earlaise (903 cás).


Saghas na Díospóide (Gach cás)	Líon
Coimeád éarlaise	903
Riaráistí cíosa	781
Riaráistí cíosa agus rósheilbh	218
Sárú ar dhualgais tiarna talún	548
Fógra neamhbhailí foirceanta	537
Sárú ar dhualgais tionónta	481
Caighdeán agus cothabháil na háite cónaithe	419
Rósheilbh	302
Eile	250
Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (díshealbhú neamhdhleathach)	228
Damáiste a sháraíonn gnáthchaitheamh is cúiteamh	181
Sárú ar léas téarma sheasta	169
Iompar frithshóisialta	165
An cíos níos airde ná ráta an mhargaidh	109
	5,291

Cásanna de réir Páirtí Iarratasóra




Rinne tiarnaí talún 1,103 iarratas ar Sheirbhísí Réitigh Díospóidí an BTCP in 2013, agus ghlac tionóntaí 1,671 cás agus ghlac tríú páirtithe 87 cás.

Iarratais Díospóide




Amanna Próiseála



* Léiríonn an t-am próiseála le haghaidh 2013 an meánam a ghlac sé ó Iarratas Díospóide Cinntiúchán a bhaint amach laistigh den bhliain féilire


Éarlaisí a Choimeád



Léiríonn an chart, ar chlé, toradh na gcásanna coimeáda éarlaise ar éisteadh leo in 2013. Tá sé an-soiléir san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe gur leis an tionónta an éarlais agus nach féidir í a choimeád (cibé acu go páirteach nó go hiomlán) ach sa chás go bhfuil riaráistí ciosa cruthaithe ag tionónta nó go bhfuil billí fónais le hóc, go ndearnadh díobháil a sháraíonn gnáthchaitheamh is cúiteamh nó gur sholáthair sé/sí fógra neamhleor, a raibh an tiarna talún thíos le caillteanas mar gheall air. Neartaigh an Bord an teachtaireacht seo mar chuid d'oiliúint leanúnach do bhreithneoirí, trí sheimineáir agus ábhar treorach araon a eisíodh le bliain anuas. Mar thoradh ar an treoir seo, sa chás go raibh an mhoill a bhí ar an éarlais a thabhairt ar ais ina údar míchaoithiúlachta agus cruatain, ar féidir seo a chruthú, tá méadú suntasach le sonrú ar dhamáistí a bronnadh i leith tiarnaí talún sa chatagóir seo díospóide.

Riaráistí Cíos

Riaráistí Cíos - Díospóidí Gaolmhara 2008-2013



Is é riaráiste cíos an chatagóir is coitianta de dhíospóid a dhéanann tiarna talún a atreorú chuig an BTCP. Luann an tAcht nach mór do thionónta a gcíos a íoc ina iomláine go tráthúil, gan aird ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil díospóid leanúnach ar bun acu lena dtiarna talún. Sa chás go dteipeann ar thionónta an cíos a íoc tar éis na rabhaidh riachtanacha, féadfaidh tiarna talún fógra foirceanta a sheirbheáil orthu. Rinneadh 999 iarratas, ar an iomlán, a bhain le riaráistí cíos, a atreorú in 2013, agus b'ionann iad agus 35% den líon foriomlán iarratais díospóide a fuair an Bord. Faoi mar a thugtar le fios sa chairt thuas, tháinig méadú réidh ar iarratais riaráistí ó 2008 i leith, agus fuarthas 1,211 iarratas sa bhreis sa chatagóir i gcomparáid le figiúr 2008.

Thug an Bord méadú faoi deara ar an líon cásanna a cuireadh faoina mbráid in 2013, agus sháraigh riaráistí cíos dlínse an Bhoird faoi Alt 115 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe. Leagann Alt 115 teorainn ar dhlínse an Bhoird chun ach riaráistí cíos €20,000 a dhámhachtain, nó suim dhá oiread an chíosa bhliantúil, pé ceann is é an figiúr is airde a mhéid le €60,000. Leagann an méadú seo an bhéim ar a thábhachtaí atá sé do thiarnaí talún déileáil le ceisteanna riaráistí cíos nuair a thagann siad chun solais.


Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (Díshealbhú Neamhdhleathach)

Meastar go bhfuil foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta, nó díshealbhú neamhdhleathach, tar éis tarlú nuair a chuireann tiarna talún, trí fhórsa nó ar bhealach eile, cosc ar thionónta ó rochtain a

fháil ar an áit chónaithe ar cíos, nó má bhaineann sé/sí a g(h)iuirléidí ó áit chónaithe.

In 2013, sheas an BTCP le 65% de na gearáin i leith díshealbhú neamhdhleathach agus níor seasadh le 35% díobh. Rinneadh dámhachtainí in 2013 i dtaca le foirceannadh neamhdhleathach a mhéid leis an tsuim uasta a cheadaítear faoin Acht (€20,000).

Dámhachtainí ar Chásanna Foirceanta Neamhdhleathaigh



Íocaíochtaí le Breithneoirí/ Idirghabhálaithe in 2013

Ceapadh an painéal reatha breithneoirí agus idirghabhálaithe in 2011 trí iomaíocht oscailte a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don BTCP agus ceaptar iad ar feadh tréimhse beagán de bhreis ar thrí bliana. Íocadh buntáille €660 sa lá le breithneoirí do thrí éisteacht, nó cúig mheasúnú páipéarbhunaithe go dtí an 1 Iúil 2013. Laghdaíodh seo, áfach, anuas chuig €616 sa lá tar éis an 1 Iúil 2013. Sannadh idirghabhálaithe gutháin do bheart cásanna as ar íocadh leo buntáille €616 le haghaidh gach trí chás a thugann faoin bpróiseas. Bítear ag súil leis go gcuirfidh idirghabhálaithe gutháin a dtuarascálacha isteach laistigh de dheich lá tar éis glacadh leis na cásanna.

Earcú an Phainéil Bhreithneoirí/ Idirghabhálaithe 2014-2018

Comhaltaí painéil iad Breithneoirí/Idirghabhálaithe a éistean le cásanna sa chéad ásc le haghaidh gach éisteacht díospóide an BTCP. Sealbhóirí neamhspleácha oifige iad Breithneoirí/Idirghabhálaithe a cheaptar trí iomaíocht oscailte do phainéal óna ndéantar éisteachtaí díospóide a leithdháileadh orthu. Reáchtáil an BTCP iomaíocht oscailte in 2010 agus cheap siad 40 comhalta painéil in 2011. D'éag an painéal seo i Márta agus Meitheamh 2014.

Rinne an BTCP fógraíocht d'iarthóirí chun poist a líonadh le haghaidh phainéal 2014-2018 ar láithreán gréasáin an BTCP agus san Irish Times Dé hAoine an 4 Deireadh Fómhair 2013. Fuair an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a reáchtáil an chéad chéim den iomaíocht thar ceann an BTCP, 887 iarratas ar an ról. Is éard atá i gceist le gearrliostú chéim 1 ná scrúdú chun tástáil a dhéanamh ar iarthóirí ar a n-eolas ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004. Thug 461 iarthóir ar an iomlán faoin scrúdú i bPáirc an Chrócaigh an 2 Samhain 2013. Tugadh cuireadh do na 60 iarthóir ab fharr san ord foriomlán tuilleamais ón scrúdú chun tabhairt faoi chéim 2.

Reáchtáil CPL Recruitment céim 2 den iomaíocht, thar ceann an BTCP. Tugadh cuireadh do sheasca iarthóir ó Chéim 1 chun páirt a ghlac in rólímirt agus i gcleachtadh agus dul faoi agallamh. Ag leanúint ón measúnú seo, ceapadh na 40 iarthóir a bhain na háiteanna ab airde amach leis na painéil i bhFeabhra 2014. Chuir na hiarthóirí seo tús le cásanna éisteachta i Márta 2014.

** Leagtar amach sa tábla (ar dheis) na táillí a íocadh in 2013. Tagraíonn na figiúirí do na hÍocaíochtaí iarbhir a rinneadh i rith 2013. Mar thoradh ar a gcineál, baineann roinnt de na hÍocaíochtaí seo le héisteachtaí ar freastalaíodh orthu in 2012. Ríomhtar an figiúr a áirítear i Nóta 4b ar leathanach 51 ar bhonn fabhrúithe le haghaidh gach éisteachtaí ar freastalaíodh orthu i rith 2013, gan aird ar cathain a rinneadh na hÍocaíochtaí.*

Íocaíochtaí le Breithneoirí/ Idirghabhálaithe in 2013 (Táillí ar obair dhíospóidí agus táillí oiliúna)

Comhalta Painéil	Iomlán (€)
Aisling Fair	14,476
Angela Becker	21,844
Barry McCormack	6,576
Brian Whelan	19,908
Catherine McGuigan	21,184
Cathy Hamilton	19,756
Ciaran Smith	21,184
Colm Keating	3,960
Corona Grennan	13,200
Cynthia Lennon	17,884
Dairine Mac Fadden	17,928
Daniela Bills Everett	13,024
David Duncan	25,816
Deirdre Bignell	24,704
Eoin Byrne	22,308
Frank Brady	24,572
Gerard Murphy	19,140
Healy Hynes	15,796
Helen Connaughton	8,072
Helen-Claire O'Hanlon	19,140
Jack Nicholas	13,396
James Egan	18,276
John Conran	21,228
John Keane	21,184
John Keaney	22,308
Kevin Baneham	24,848
Marissa O'Keeffe	8,116
Mervyn Hickey	6,136
Michelle Kellegher	3,960
Monica Brennan	22,460
Niall Farrell	2,640
Roderick Maguire	18,624
Sarah Brophy	22,460
Simon Noone	15,376
Suzy Quirke	20,656
Tracey McGee	13,352
IOMLÁN	605,492

Cásanna Díospóide a rinneadh a Achomharc le Binsí Tionóntachta in 2013

Is féidir le páirtithe i ndíospóid cinneadh Breithneora/Idirghabhálaí a achomharc chuig Binse Tionóntachta laistigh de 21 lá tar éis an dáta a fhaightear an cinneadh. Éisteann painéal de thriúr comhaltaí de Choiste Réitigh Díospóidí an Bhoird le binsí. Bíonn binsí níos foirmiúla ná na héisteachtaí breithiúnais/idirghabhála. Éisteachtaí poiblí iad. Tá ar na páirtithe dul faoi mhionn nó dearbhú, agus bíonn luathscríbhneoir i láthair chun an fhianaise a thugtar a chur i gcuntas. Chomh maith leis sin, bíonn torthaí éisteachtaí Binse poiblí. Foilsítear an tuarascáil agus an cinntiúchán araon ar láithreán gréasáin an BTCP (www.prtb.ie).

Fuair an BTCP 388 achomharc a ndearna an Bord breithniú orthu in 2013, as a ndearnadh 291 díobh a dheonú agus rinneadh 97 díobh a dhiúltú nó a aistarraingt. Dhiúltaigh an Bord achomhairc mar gheall go raibh siad ró-dhéanach nó nár seoladh an táille riachtanach ar aghaidh.


Tionóladh 278 Binse in 2013. Cuireadh 42 Binse sa bhreis air sin ar ceal roimh an éisteacht mar gheall gur aistarraing na hachomharcóirí a n-achomharc. Léirigh seo méadú 42% ar éisteachtaí Binse idir 2012 agus 2013. Bhí meántréimhse feithimh chúig mhí i gceist ón dáta a deonaíodh an t-achomharc go dtí gur eisíodh cinntiúchán in 2013.

Miondealú ar Chásanna Binse in 2013 de réir Pháirtí an Achomharcóra agus Láithreach

Bhí caoga faoin gcéad (139 cás) de na hachomhairc a chuaigh os comhair Binse Tionóntachta in 2013 ó thiarnaí talún, bhí 49% (136 cás) ó thionóntaí, agus bhí 1% (3 cás) ó thríú páirtí.

Tionóladh 72% de na Binsí i gceantar Bhaile Átha Cliath, agus baineann 28% leis an gcuid eile den tír.

Fíor 11. Láithreacha Éisteachta Binsí




Cásanna Binse in 2013 – Catagóirí agus Torthaí

Léiríonn an chart thíos an miondealú ar Bhinsí a tionóladh de réir shaghas na díospóide. As na 278 Binse a tionóladh in 2013, luadh 728 saghas éagsúil díospóide mar an gcúis a bhí leis an achomharc, agus rinneadh cinntí maidir le 639 saghas éagsúil de dhíospóid. Ní dhearna na Binsí aon chinneadh maidir leis na 89 saghas eile díospóide.



Saghsanna Díospóide a ndearnadh Cinneadh orthu ag Éisteacht Binse in 2013



- Coimeád éarlaise, 118
- Riaráistí Cíosa, 92
- Sárú ar dhualgais tiarna talún, 78
- Fógra neamhbhailí foirceanta, 65
- Sárú ar dhualgais tionónta, 64
- Caighdeán agus cothabháil na háite cónaithe, 51
- Eile, 38
- Damáiste a sháraíonn ghnáthchaitheamh is cúiteamh, 30
- Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (díshealbhú neamhdhleathach), 30
- Sárú ar léas téarma sheasta, 19
- Riaráistí cíosa agus rósheilbh, 18
- Iompar frithshóisialta, 14
- Rósheilbh, 13
- An cíos níos airde ná ráta an mhargaidh, 6

Amanna Próiseála Binse

Rinneadh 254 Ordú Cinnidh, ar an iomlán, in 2013 maidir le héisteachtaí Binse. B'ionann an meánam próiseála do na Binsí seo, ó éag na tréimhse achomhairc go dtí eisiúint an Ordaithe Cinnidh, agus 174 lá.


Cásanna Coimeáda Éarlaise a rinneadh a achomharc chuig Binse

Is soiléir ón gcairt seo, gurb é coimeád éarlaise an príomhshaghas díospóide a ndéanann Binse tionóntachta cinneadh air (sonraítear seo thíos), agus riaráistí cíosa, ina dhiaidh sin.

Tá díospóidí coimeáda éarlaise fós ar cheann de na catagóirí aonair is mó d'achomharc os comhair Binse tionóntachta. As na 118 cás inar luadh gurbh é coimeád éarlaise an chúis le díospóid, rinneadh

cinntí in 88 cás. I 90% de na Binsí, deimhníodh gur cheart don tiarna talún cuid den éarlais nó an éarlais iomlán a aisíoc lena dtionóntaí. In 10% de na cásanna coimeáda éarlaise lenar éist Binse, deimhníodh go gcoimeádfadh an tiarnaí talún an éarlais ina hiomláine. Teastaíonn ó thionóntaí go minic go dtabharfaí éarlaisí ar ais dóibh go pras chun tionóntacht eile a fháil, agus má theipeann ar thiarna talún éarlais a thabhairt ar ais gan mhoill, d'fhéadfadh míchaoithiúlacht agus cruatan airgeadais bheith mar thoradh air don tionónta. Ceadaíonn Alt 115 den Acht do chomhaltaí Binse damáistí a dhámhachtain i leith tiarna talún a choimeádann an éarlais gan údar.


Fíor 13. Torthaí ar Choimeád Éarlaise - Éisteachtaí Binse in 2013



Damáistí Binse arna nDámhachtain

Rinneadh damáistí a dhámhachtain i leith páirtithe in achomharc in 36% de na cinní Binse a d'fhaomh an Bord in 2013. Féach thíos chun teacht ar mhiondealú ar dhamáistí a rinneadh a dhámhachtain de réir shaghas na díospóide i leith tiarnaí talún agus tionóntaí i mBinsí tionóntachta in 2013.

Cúiseanna le Dámhachtain Damáistí



Damáistí le haghaidh coimeád éarlaise agus sárú ar dhualgais tiarna talún

As na cinntí a rinneadh ag Binsí ar éisteadh leo i rith 2013, sa chás go ndearnadh damáistí a dhámhachtain, bhain 36% díobh le coimeád éarlaise nó díospóidí faoi riaráistí cíosa, agus ba í an chéad chatagóir eile ab airde ná 12% le haghaidh foirceannadh mídhleathach tionóntachta.

Íocaíochtaí Binsí in 2013

Comhalta an DRC	Cath.	Comhalta	Suim (€)
Anne Colley	6	29	18,288
Anne Leech	9	30	17,185
Bairbre Redmond	2	15	6,905
Catriona Walsh	1	1	1,195
Charles Corcoran	1	20	7,525
Ciara Doyle	6	26	16,865
Claire Millrine	6	27	14,606
Dervla Quinn	14	19	20,631
Eoin O'Sullivan	22	6	22,615
Finian Matthews	5	10	11,382
Fintan McNamara	5	27	16,905
Gene Feighery	11	7	15,207
Geraldine Feeney	2	17	10,270
Gus Cummins	0	2	1,265
Henry Murdoch	3	12	5,486
John FitzGerald	0	5	2,275
John Lynch	14	21	21,487
John Tiernan	24	3	24,865
Kieran Buckley	3	23	12,146
Liam Nolan	16	37	28,107
Louise Moloney	13	30	22,401
Mary Doyle	6	27	15,998
Mary Heaslip	8	20	14,696
Mary Morris	4	18	10,990
Maurice O'Donoghue	8	20	18,070
Michael Irvine	2	14	7,342
Nesta Kelly	12	38	24,706
Noel Merrick	8	4	5,585
Orla Coyne	8	8	11,755
Patricia Sheehy Skeffington	22	8	24,620
Thomas J Reilly	4	8	3,580
Tim Ryan	23	2	21,156
Tom Dunne	2	12	7,185
Vincent P. Martin	11	17	20,627
Olliomlán			483,921

* Leagtar amach sa tábla thuas na táill a íocadh in 2013. Tagraíonn na figiúirí do na híocaíochtaí iarbhír a rinneadh i rith 2013. Mar thoradh ar a gcineál, baineann roinnt de na híocaíochtaí seo le Binsí ar freastalaíodh orthu in 2012. Ríomhtar an figiúr a áirítear i Nóta 4b ar leathanach 51 ar bhonn fabhrúithe le haghaidh gach Binsí ar freastalaíodh orthu i rith 2013, gan aird ar cathain a rinneadh na híocaíochtaí.

Bronnann Alt 159 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 an chumhacht ar Bhord an BTCP chun coiste réitigh díospóidí a bhunú, agus chun feidhmeanna a tharmligeán agus chun comhaltaí a cheapadh ar an gcoiste sin. Painéal atá sa Choiste Réitigh Díospóidí (CRD) den BTCP óna dtarraingítear comhaltaí na mBinsí tionóntachta ina mbíonn triúr daoine. Mar gheall nach féidir cinntí Binse a achomharc ach ar phointe dlí leis an Ard-Chúirt, tugann comhaltaí an DRC faoi fheidhm thábhachtach ghar-bhreithiúnach. Déanann an Binse, ar chríochnú éisteachta, cinneadh agus cuireann siad an Bord ar an eolas ar an gcinneadh, de bhun Alt 108(1) den Acht. Ina dhiaidh seo, déanann an Bord, i gcomhréir le hAlt 121 den Acht, Ordú Cinnidh a bhíonn ina cheanglas dlíthiúil, a eisítear, mar aon le tuarascáil an Bhinse, do na páirtithe atá i gceist; bhí 278 de na Binsí sin ar bun i rith 2013.

Earcú Chomhaltaí an Choiste Réitigh Díospóidí (CRD) in 2013

Déanann an Bord ceapacháin ar an CRD tar éis dul i gcomhairle leis an Aire i gcomhréir le hAlt 159(4) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004. Ina leith seo, chomhaontaigh Comhaltaí Boird an BTCP agus an tAire in 2013, go bhfoilseodh an BTCP na critéir ina leith a ndéantar gach ceapachán amach anseo leis an CRD agus tabharfar cuireadh poiblí d'iarraitais ar cheapachán ó dhaoine aonair a bhain na cáilíochtaí cuí amach. Chruthaigh an Bord fochoiste go déanach in 2013 chun comhaontú a dhéanamh ar an bhformáid le haghaidh iomaíochtaí amach anseo, mar gheall go mbeadh folúntais ann go luath in 2014 nuair a bheidh téarmaí roinnt comhaltaí den CRD le dul in éag. Cuireadh togra le haghaidh na n-iarthóirí oiriúnacha a roghnú i dtoll a chéile agus d'fhaomh agus Bord agus tAire é. Fógraíodh na poist go luath in 2014 agus, ag tráth foilsithe na tuarascála seo, tá an próiseas roghnúcháin ar siúl.



Forfheidhmiú Orduithe Cinnidh an BTCP

Forálann an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 le haghaidh cumhacht lánroghnach a bhronnadh ar an BTCP chun dul i mbun forfheidhmithe sa chás go dteipeann ar pháirtí Ordú Cinnidh a chomhlíonadh. Féadfaidh an BTCP, nó an páirtí a ndéantar an tOrdú ina f(h)abhar, dul i mbun a bhforfheidhmithe féin, trí imeachtaí sibhialta agus/nó ionchúiseamh coiriúil. Trí dhul i mbun ceachtar de na roghanna seo, cruthaítear impleachtaí tromchúiseacha don pháirtí a dteipeann air/uirthi Ordú an BTCP a chomhlíonadh.

- › Téitear i mbun **Imeachtaí sibhialta** sa Chúirt Chuarda, i gcomhréir le hAlt 124 d'Acht 2004. Forfheidhmíonn na himeachtaí siúd téarmaí an Ordaithe Cinnidh. Mar gheall go ndéileálann na téarmaí go príomha le riaráistí cíosa, coimeád éarlaise nó seilbh fholamh, is iad imeachtaí sibhialta, den chuid is mó, an saghas forfheidhmithe a dtéitear ina mbun. Féadfaidh an BTCP, nó páirtí a ainmnítear ar Ordú Cinnidh, tús a chur le himeachtaí sibhialta. I dtromlach mór na gcásanna a dtéann an BTCP ina mbun, déanann an Chúirt a gcostais a bhronnadh ar an BTCP. Cláraítear Orduithe Cúirte a fuarthas, agus nár comhlíonadh, mar fhiachas breithiúnais i leith an pháirtí neamhchomhlíontaigh; is féidir leis an mbreithiúnas seo tionchar diúltach a imirt ar rátáil chreidmheasa an duine sin amach anseo.
- › Féadfaidh an BTCP nó an páirtí a ndéantar an tOrdú ina f(h)abhar tús a chur le **hIonchúisimh choiriúla**, i gcomhréir le hAlt 126 d'Acht 2004. Déantar ionchúisimh sa Chúirt Dúiche. Cé nach soláthróidh ionchúiseamh faoiseamh maidir le téarmaí an Ordaithe, bíonn na hiarmhairtí ar dhuine a ndéantar ciontú coiriúil ina leith an-tromchúiseach.

Iarratais ar Fhorfheidhmiú

Iarratais ar Fhorfheidhmiú Orduithe Cinntiúcháin

2008	2009	2010	2011	2012	2013
100	307	577	589	346	405

Níl aon dualgas ar an BTCP chun a nOrduithe a fhorfheidhmiú. Faoin Acht, cumhacht lánroghnach is ea forfheidhmiú, agus feidhmíonn an BTCP a gcumhacht agus cúinsí gach cáis á gcur san áireamh, agus i gcomhthéacs an cháis airgeadais níos dúshlánaí inar gá don BTCP, macasamhail go leor comhlachtaí eile den Earnáil Phoiblí, oibriú anois. Gníomhaireacht féinmhaoinithe iad an BTCP agus ní mór dóibh oibriú laistigh dá mbuiséad. Amhail is féidir a fheiceáil ón tábla deiridh, leanann an líon iarratas a fuair an BTCP chun Orduithe a fhorfheidhmiú le hardleibhéal a bhaint amach. Agus aird ar an éileamh ar fhorfheidhmiú, níl sé inmharthana don BTCP, mar chomhlacht féinmhaoinithe a bhraitheann go hiomlán ar tháillí clárúcháin chun a n-oibríochtaí uile a chistiú, chun tús a chur le himeachtaí ar gach iarratas. Mar gheall gur bunaíodh an Bord chun cásanna a ghlacadh amach as na Cúirteanna, tugann siad faoi fhorfheidhmiú a bhaint amach i dtosach báire ar bhealach neamhbhreithiúnach.

Déanann an Bord cinntí ar cibé acu an leanfaidh nó nach leanfaidh siad forfheidhmiú dlíthiúil ar bhonn cás ar chás, agus an rath dóchúil a bheidh ar thoradh fabhrach a bhaint amach don iarratasóir á chur san áireamh; is ionann toradh fabhrach agus é sin ina n-íoctar amach airgead nach bhfuil íoctha go fóill, nó inar féidir seilbh fholamh a fháil. Is iad na critéir a ndéanann na comhaltaí Boird tagairt dóibh nuair a bhíonn an cinneadh sin á dhéanamh:

- › Saghas na díospóide,
- › Stair chomhlíonadh na reachtaíochta tiarna talún/tionónta,
- › Treise theicniúil an cháis,
- › Cén teagmháil/céimeanna atá déanta, más ann dóibh, ag an duine a bhfuil comhlíonadh á lorg aige/aici leis an bpáirtí neamhchomhlíontach chun comhlíonadh an Ordaithe a bhaint amach,
- › Ionadaíocht reatha a rinne an BTCP don pháirtí neamhchomhlíontach agus an fhaisnéis ábhartha a fuarthas,
- › Leathadh tíreolaíoch,
- › Cúinsí ar leith an cháis.

Mar gheall ar an gcostas a bheadh ar gach iarratas a ghlacadh chun na Cúirte, bheadh orthu go leor cistiú den Stáitchiste a lorg nó bheadh orthu na táillí a mhéadú. Níl ceachtar díobh seo ina rogha inmharthana.

Ábhar an-tromchúiseach don BTCP í saincheist neamhchomhlíonadh Orduithe Cinnidh agus, i rith 2013 amháin, rinne siad 394 cás a atreorú chuig a gcomhairleoirí dlí, Eversheds, le haghaidh imeachtaí forfheidhmithe. Tá céimeanna éagsúla bainte amach ag go leor de na cásanna seo sa phróiseas agus rinneadh breithiúnais a chlárú agus/nó baineadh socraíochtaí amach iontu.


Féadfaidh imeachtaí dlí a bheith fadálach agus costasach ach, go dtí seo, bhí an rath geal ar an BTCP le hOrduithe Breithiúnais a fháil ina gcuid imeachtaí. Is gá do na páirtithe a dhéanamh iarratas a bheith réalaíoch i gcásanna ina bhfuil na páirtithe, atá thíos le deacrachtaí suntasacha airgeadais roimh éisteacht na Cúirte le riaráistí morgáiste, billí fóntais nó cárta creidmheasa gan íoc, agus go simplí, nach féidir leo an fiachas a íoc amach. Faoi na cúinsí sin, clárófar an breithiúnas mar fhiachas i leith an pháirtí sin. In go leor cásanna, sa chás go mbíonn páirtithe thíos le deacrachtaí airgeadais, is í an rogha is fearr do na páirtithe comhaontú a dhéanamh chun an fiachas a íoc amach trí sceideal íocaíochtaí.

Iarratais Nua ar Fhorfheidhmiú a Fuarthas in 2013

Fuarthas 405 iarratas ar fhorfheidhmiú in 2013, ar an iomlán.

Iomlán na nIarratas ar Fhorfheidhmiú a Fuarthas in 2013 (Miondealú de réir an Pháirtí a Lorgaíonn Comhlíonadh)

Rinne an líon iarratas a fuarthas ó thiarnaí talún – 245 iarratas (60%), iad siúd a fuarthas ó thionóntaí a shárú go mór – 156 (39%). Léiríonn seo an treocht, a shonraítear in iarratais díospóide a fuarthas, de riaráiste cíosa bheith mar shaincheist thromchúiseach agus mhéadaitheach. Fuarthas



ceithre iarratas ó thríú páirtithe (1%) a bhain le tiarnaí talún ar theip orthu dualgais tionónta a chur i bhfeidhm.

Obair Forfheidhmithe in 2013

Anuas ar na 405 iarratas nua ar fhorfheidhmiú a fuarthas in 2013, thug Aonad Forfheidhmithe an BTCP faoi obair, chomh maith, ar thart ar 750 cás a bhí fós ar siúl ag deireadh 2012, a bhain le hiarratais ar fhorfheidhmiú a fuarthas in 2010, 2011 agus 2012.

Rinneadh 394 comhad, ar an iomlán, a chur faoi bhráid ár gcomhairleoirí dlí in 2013, agus baineadh comhlíonadh nó socraíocht amach, tar éis idirghabháil tosaigh, ón Aonad Forfheidhmithe, a baineadh amach in go leor cásanna eile, gan atreorú le haghaidh imeachtaí dlí a bheith ag teastáil. Ag deireadh 2013, bhí obair ar bun ar 449 cás (bhain 328 díobh le hiarratais ar fhorfheidhmiú a fuarthas in 2013 agus bhain 121 le hiarratais ní ba shine).


Anuas air sin, lean an BTCP le cúnaimh a sholáthar do pháirtithe i gcás a lorg chun cinntí an BTCP a chomhlíonadh, roimh agus i ndiaidh dáta eisiúna Ordú Cinnidh. D'éascaigh an tAonad Forfheidhmithe an tseirbhís seo trí íocaíochtaí socraíochta a chur ar aghaidh idir páirtithe, faoi chúinsí, mar shampla, nach raibh fáil ar fhaisnéis teagmhála do na páirtithe iad féin.

Phróiseáil an tAonad Forfheidhmithe 477 íocaíocht socraíochta in 2013 agus, i dtromlach na gcásanna, ní bhfuarthas aon iarratas gaolmhar ar fhorfheidhmiú.

Iarrtais ar Fhorfheidhmiú ó Thiarnaí Talún a Fuarthas in 2013 (Catagóirithe de réir shaghas na Díospóide)

Is léir ó na 245 iarratas ó thiarnaí talún gur bhain na príomhfhadhbanna a tugadh faoi deara le riaráistí cíosa. I measc na saincheisteanna eile, bhí damáiste a sháraigh gnáthchaitheamh agus cúiteamh; fógra foirceanta; sárú ar dhualgais tionónta; agus sárú ar léas téarma sheasta.


Iarratais ar Fhorfheidhmiú a Fuarthas ó Thiarnaí Talún in 2013



Iarratais ar Fhorfheidhmiú ó Thionóntaí a fuarthas in 2013 (Catagóirithe de réir Shaghas na Díospóide)

Ó na 156 iarratas a fuarthas ó thionóntaí, ba í an príomhdheacracht ná coimeád éarlaise.

Iarratais ar Fhorfheidhmiú a Fuarthas ó Thionóntaí in 2013



Torthaí Cúirte

Orduithe na Cúirte Cuarda a fuarthas i gcomhréir le hAlt 124 d'Acht 2004

2008	2009	2010	2011	2012	2013
5	13	13	42	91	140

Orduithe na Cúirte Dúiche a fuarthas i gcomhréir le hAlt 126 d'Acht 2004

2008	2009	2010	2011	2012	2013
22	27	3	12	4	0

Orduithe na Cúirte Dúiche (Ciontuithe Alt 126)

Níor chuir an BTCP tús le haon imeachtaí i gcomhréir le hAlt 126 d'Acht 2004 in 2013.

Orduithe na Cúirte Cuarda (Orduithe Alt 124 a Fuarthas)

I nach mór gach cás, bronnadh Ordú le haghaidh costas, a dhéanfaí a fhómhas d'éagmais comhaontaithe. Theastaigh seirbhís an tSirriam i naoi gcás chun seilbh fholamh a aisghabháil, agus d'fhág go leor daoine tar éis fógra a fháil gur fostaíodh an Sirriam.

Breithiúnais a Chlárú

Is é beartas an BTCP i ngach cás neamhchomhlíonta ná na breithiúnais a fuarthas a chlárú sa chás go dteipeann ar an bpáirtí an fiachas a ghlanadh. Féadtar an breithiúnais seo a fhoilsiú in irisí trádála agus is féidir leis seo tionchar an-tromchúiseach a imirt ar rátáil chreidmheasa duine. In 2013, i nach mór gach ceann de na 140 Ordú a fuarthas, cláraíodh na breithiúnais sin agus leantar le hiad a chlárú.

Socraíochtaí a baineadh amach tar éis atreorú chuig Comhairleoirí Dlí

Tar éis cásanna a chur faoi bhráid comhairleoirí dlí, baineadh comhlíonadh nó socraíocht amach in 26 cás gan é a bheith riachtanach imeachtaí iomlána dlí a leanúint.

An Straitéis Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Ba é an príomhdhúla a caitheadh in 2013 le tionscnaimh TFC an BTCP próiseas leanúnach feabhais ar ár gcóras Bainistíochta Tionóntachta (CBT), go háirithe chun tacú le roinnt príomhsheirbhísí a sheachfhoinsíú chuig SouthWestern i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí.

I rith na bliana, seoladh an chéad Innéacs Cíosa náisiúnta i gcomhar leis an ESRI. Baineadh tacair shonraí ghilna ónár gcóras CBT agus seoladh go slán iad chuig an ESRI le hanailís a dhéanamh orthu agus leis an innéacs a chur i dtoll a chéile. Cuireadh na tacair shonraí a d'eascair as seo ar fáil, i dtionscnamh comhsheirbhíse rialtais ar láithreán gréasáin an CSO. Ligeann naisc ó láithreán gréasáin an BTCP do chliant féachaint ar na meánchíosa ina láithreacha féin tíreolaíochta.

Ar a bharr sin, tugadh córais isteach chun físchomhdháil agus teicneolaíochtaí gaolmhara a chumasú d'fhonn tacú leis an ngá anois chun idirghníomhú le páirtithe leasmhara i láithreacha atá spréite i dtaobh cúrsaí tíreolaíochta de. Soláthraíodh idir-inoibritheacht leis na córais sa An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus gníomhaireachtaí eile, mar aon le ligean dúinn aon pháirtí a thabhairt isteach i gcomhdháil ach brabhsálaí gréasáin, ceamara gréasáin agus nasc guthán póca a bheith aige. D'éascaigh seo cruinnithe a chur ar siúl gan na rannpháirtithe a bheith i láthair go fisiciúil. Tugadh faoi uasghráduithe ar na háiseanna closamhairc, chomh maith, sa dá sheomra comhdhála againn, chun tacú leis seo.

Tugadh faoi thionscadal, ar aon dul lenár nósanna imeachta athshlánaithe ó thubaiste, chun ár mbonneagar cumhachta a uasghrádú inár bpríomhsheomra ríomhairí chun bheith in ann feidhmiú le linn cliseadh agus luainiú cumhachta nach mbíonn aon smacht againn orthu.

Uasghrádaíodh gach úsáideoir den BTCP chuig timpeallacht fhíoriúil deisce d'fhonn tacaíocht a éascú le tionscnaimh comhsheirbhísí rialtais, agus chun réiteach a dhéanamh do dheireadh saolrú ar na córais reatha oibriúcháin.

Bronnadh conradh le haghaidh cheadúnú Microsoft a sholáthar. Ligeann seo don PTRB, thar thréimhse trí bliana, chun na leaganacha éagsúla d'fheidhmchláir Microsoft a uasghrádú. Bainean rithábacht leis seo maidir lenár gcóras CBT a uasghrádú, atá bunaithe anois ar theicneolaíochtaí a tugadh isteach ag Microsoft in 2008.

Seoladh láithreán gréasáin nua an BTCP

Faoinár gcomhaontú le SouthWestern, rinneadh athbhrandáil iomlán ar phríomh láithreán gréasáin an BTCP ag www.BTCP.ie agus athsheoladh é ar an lá céanna leis an Innéacs Cíosa i mBealtaine 2013. Leagadh béim ar éascaíocht teacht ar shonraí agus ar cháipéisí cuí, agus amanna tapa lódála a chumasú ar bhrabhsálaithe gréasáin na n-úsáideoirí deiridh. Síneann an dearadh a soláthraíodh i dtráth chuig cúrsaí clárúcháin agus láimhseála díospóidí dár láithreach ar líne, i.e. tairseacha an BTCP ag [https:// portal.BTCP.ie](https://portal.BTCP.ie).

Bronnadh conradh ar Mazars i Meitheamh 2013 chun Straitéis nua TFC a réiteach. Soláthraíodh straitéis i Nollaig 2013, tar éis ionchur luachmhar a fháil ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear an Bord, an Coiste Stiúrtha TFC agus díoltóirí seachtracha. Tá an stoc reatha teicneolaíochta, ar a bhfuil an córas CBT bunaithe, ag dul in aois agus d'fhonn tacú le feidhmiúlacht nua, ar nós córas coimeáda éarlaise agus reachtaíocht nua (An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) (Uimh. 2), 2012, teastaíonn straitéis nua.

Bhuaigh Vulcan Systems miontairiscint ónár gcreatlach soláthair chun forbairt iarratas agus seirbhísí cúntacha a sholáthar dár gcóras CBT. Is é cuid den tuiscint ar an gconradh go mbainfidh Vulcan an mhaoin intleachtúil go léir ón gcóras reatha CBT mar chuid de phróiseas uasghrádaithe.

Cuireadh tionscadal a chuir an BTCP i bhfeidhm, i gcomhar le Post.Trust (fochuideachta de An Post), chun cruthúnas leictreonach seachadta litreacha a sholáthar ar an ngearrliosta le haghaidh thionscadal TFC earnála poiblí na bliana i nGradaim Sármhaitheasa TFC 2013.

De réir na sonraí a d'fhíordheimhnikh Mazars i Nollaig 2013, is é aga fónaimh an chórais CBT 98.55%, atá os cionn an ghnáthleibhéil le haghaidh comhlachtaí seirbhíse poiblí.

Tá súil ag an BTCP bheith i dtús cadhnaíochta ghlacadh an chórais nua náisiúnta phostchód agus tá obair thosaigh ar bun ar an tionscnamh tábhachtach seo. Is í easpa cód uathúil áit chónaithe an fhoinsé d'iontrálacha dúbailte inár mbunachar sonraí clárúcháin, faoi mar atá an cás i measc go leor comhlachtaí den earnáil phoiblí agus phríobháideach. Beartaítear go mbeidh an córas náisiúnta nua postchóid beo i bhFeabhra 2015.

Soláthar agus Tairiscintí a lorgaíodh agus a Bronnadh

Dearbhaíonn an BTCP comhlíonadh na nósanna imeachta soláthair maidir le tairiscintí iomaíocha. Áirítear leis seo cloí leis na treoirlínte náisiúnta agus na Treoracha ábhartha AE, a bhfuil fórsa an dlí acu sa Stát seo. Is í tairiscint iomaíoch an gnáthnós imeachta a úsáideann an BTCP sa phróiseas soláthair. Bíonn aird mar is ceart ag gach tairiscint ar na tairseacha luacha chun rialacha soláthair a chur i bhfeidhm.

Féadfaidh duine ar bith ar mian leo a bheith fostaithe ag an mBord mar comhairleach nó comhairleoir fógra a thabhairt don Bhord i scríbhinn, agus áireofar le haon fhógra don chuspóir sin critéir cháilíochtaí agus thaithí an duine sin. Leanann an PTRB riachtanais soláthair phoiblí nuair a bhíonn tairiscintí nó cuótaí a lorg acu. Le linn 2013, d'fhaomh an Bord nó an Stiúrthóir líon conarthaí amhail a shonraítear thíos, tar éis tairiscintí cuí poiblí:

- › Seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh a Sholáthar - Baker Tilly Ryan Glennon - *Márta 2013*
- › Seirbhísí Cúnaimh Fostaithe - Seirbhís Chúnaimh Fostaithe VHI - *Márta 2013*
- › Seirbhísí CP le haghaidh an BTCP - MKC Communications - *Aibreán 2013*
- › Físteilgean Láithreán Gréasáin an BTCP - One Productions - *Lúnasa 2013*
- › Forbairt an Chórais CBT agus Seirbhísí Tacaíochta agus Cothabhála - Vulcan Solutions - *Lúnasa 2013*
- › Seirbhísí earcaíochta chun Breithneoirí/ Idirghabhálaithe a cheapadh - CPL - *Samhain 2013*
- › Straitéis Feabhsaithe Próiseas Gnó - Mazars - *Samhain 2013*



Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch
an 31 Nollaig 2013

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtair Cuntas agus Ciste

Faisnéis

Comhaltaí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha - 2013

Catriona Walsh*	Aturnae (Cathaoirleach)
Orla Coyne	Aturnae (Cathaoirleach)
Paula O'Reilly	Státseirbhíseach, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Gene Feighery	Comhshaolaí
Vincent P. Martin	Abhcóide sa dlí
An Dr Eoin O'Sullivan	Léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
John Tiernan	Iar-Bhainisteoir Contae
Conn Murray	Bainisteoir Contae
Joseph Meehan	Státseirbhíseach, an Roinn Coimirce Sóisialaí
Tim Ryan	Comhairleach CP
Tricia Sheehy Skeffington	Abhcóide
An tUasal Rhonda Donaghy*	Oifigeach Ceardchumainn
An tUasal FitzGerald*	Gairmí Réadmhaoine
An tUasal Noel Merrick*	Gairmí Réadmhaoine
An tUasal Paul Flood*	Bainisteoir Eastát, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
An tUasal Gareth Robinson*	Comhalta Boird
An tUasal Noel Conroy*	Iar-Choimisinéir an Gharda Síochána
An tUasal Kathleen McKillion*	Ceann Forbartha, Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann

* *Comhaltaí nua a ceapadh in 2013*

Comhaltaí Boird a d'éirigh as in 2013

An tUasal Conn Murray (an 7 Lúnasa August 2013)

Comhaltaí Boird ar tháinig deireadh lena dtéarmaí oifige in 2012/2013

31/12/2012: An tUasal Thomas J Reilly agus an tUasal Finian Matthews.

31/03/2013: An tUasal Orla Coyne (Cathaoirleach), an tUasal Gene Feighery agus an Uasal Vincent P. Martin.

30/09/2013: An tOllamh Eoin O'Sullivan agus an tUasal John Tiernan

Faoi réir Iniúchadh an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtair Cuntas agus Ciste

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaíonn Alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, 2004 ar an Stiúrthóir na Ráitis Airgeadais a réiteach i cibé foirm a shonróidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo. Ní mór don Bhord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Stiúrthóir agus ar an mBord:

- › Beartais chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- › Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- › A lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- › Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá an Stiúrthóir, faoi threoir an Bhoird, freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 178 den Acht. Tá an Bord freagrach as cinntiú go ndéantar gnó an Bhoird ar bhealach ceart agus rialta agus as na sócmhainní go léir atá faoi smacht oibriúcháin aige a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Ar son ball an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, admhaim go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráid ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil. Féachann an Bord agus a Choiste Iniúchta ar na ceanglais atá sa Chód Cleachtas ar Rialú Comhlachtaí Stáit, i measc nithe eile, agus iad ag féachaint ar chríochnúlacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Príomhnósanna imeachta rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha chun timpeallacht oiriúnach rialaithe a chinntiú ar na bealaí seo a leanas:

- › a chinntiú go gcomhlíonann an Bord a chuid oibleagáidí Airgeadais faoin Acht;
- › a chinntiú go dtugtar cuntas ceart maidir le sócmhainní agus dliteanais an Bhoird;
- › cúraimí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- › nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun mainneachtana móra maidir le rialú a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin ceart a chinntiú;
- › fochoistí oiriúnacha den Bhord a bhunú chun díriú níos mó ar réimsí sonracha.

D'aontaigh baill an Bhoird go bhfuil Stiúrthóir agus baill foirne an Bhoird (faoi réir ag a dtarligean ag an Stiúrthóir) freagrach as cúrsaí oibriúcháin.

Faoi réir Iniúchadh an Ard- Reachtair Cuntas agus Ciste

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais laistigh den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta míosúil, nósanna imeachta riaracháin (lena n-áirítear dualgais agus teorainneacha údaraithe a leithscaradh), agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe san áireamh tá:

- › córas cuimsitheach buiséadta le buiséad bliantúil, a dhéantar a athbhreithniú agus a aontú leis an bhFeidhmeannas agus leis an mBord;
- › athbhreithniú rialta ag an bhFeidhmeannas agus ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a shonraíonn feidhmíocht airgeadais de réir spriocanna;
- › treoirlínte soiléire ar sholáthar, tairiscint agus infheistíocht chaipitil.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais treoir ón gCoiste Iniúchta, foireann bhainistíochta na Feidhmeannachta, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a choimeád, agus tráchta a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Tá an Bord tar éis leanúint lena chuid oibre chun fairsinge agus dóchúlacht riosca gnó in 2011 a fháil amach, agus leanfar leis an obair seo in 2014.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013.

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais seo:

1. Ginearálta

Is iad feidhmeanna ginearálta an Bhoird ná:

- › córas clárúcháin náisiúnta a fheidhmiú le haghaidh gach tionóntachta cónaithe príobháidí a thagann faoi shainchuspóir an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 2004;
- › seirbhís um réiteach díospóide a oibriú agus;
- › eolas a sholáthar, taighde a dhéanamh agus a comhairle beartais a sholáthar don Aire maidir le tithíocht ar cíós san earnáil phríobháideach; agus
- › tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta a sholáthar do na Binsí (tá na costais ghaolmhara áirithe i gcostais riaracháin).

2. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin mbonn fabhrúithe cuntasaíochta de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo i gcoitinne agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis leagtha amach i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá na cuntais sonraithe in euro.

3. Ioncam

Cistiú Stáit

Léiríonn maoiniú Stáit airgead tirim a fuarthas sa bhliain ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Táillí Clárúcháin agus Díospóide

Aithnítear táillí i dtaobh clárúcháin agus díospóidí nuair a fhaightear iarratas..

Ioncam Eile

Seasann ioncam eile d'ús a d'fhabhraigh ar nótaí státchiste a bhí á gcoimeád le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus éarlaisí a bhí á gcoimeád ag institiúidí airgeadais eile, agus aon chostais dlí a gnóthaíodh i gcaitheamh na bliana.

Faoi réir Iniúchadh an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carnach.

Soláthraítear dímheas ar bhonn líne dírí ag rátaí a mheastar a dhéanfaidh costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta mar seo a leanas:

Feabhsúcháin Léasachta	5%	Líne Dhíreach
Daingneáin agus Feistis	10%	Líne Dhíreach
Trealamh Oifige	20%	Líne Dhíreach
Trealamh ríomhaire agus forbairt bogearraí	20%	Líne Dhíreach

5. Airgeadraí Coigríche

Aistrítear airgeadraí atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm nuair a rinneadh an t-idirbheart. Déantar aon difríocht a éiríonn as an aistriúchán idir dátaí idirbhearta agus dátaí íocaíochta a mhuirearú don chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

6. An Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach an ioncaim neamhamúchta a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

7. Pinsin Foirne

Oibríonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó. Thug Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 625 de 2011) éifeacht do Scéim Aoisliúntais an BTCP agus cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004).

Léiríonn costais pinsean na sochair pinsean arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean foirne a láimhseáiltear mar chinn iníoctha leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear suim atá comhfhreagrach don táille pinsean mar ioncam chomh fada is atá sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh nuair is gá, le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta lomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Faoi réir Iniúchadh an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

	Nótaí	An Bhliain dar	An Bhliain dar
		Críoch an 31 Nollaig 2013 €'000	Críoch an 31 Nollaig 2012 €'000
Ioncam			
Cistiú Stáit	1	-	-
Cistiú iarchurtha pinsin	11c	220,000	198,000
Táillí clárúcháin	2	10,715,676	9,319,365
Suimeanna atá le híoc le húdaráis áitiúla	7	(2,143,175)	(1,864,296)
Táillí díospóide		111,494	44,693
Ioncam eile	3	118,070	136,793
Aistriú ó/chuig an gcuntas caipitil	8	220,850	51,199
		9,242,915	7,885,754
Caiteachas			
Costais foirne	4a	(2,120,685)	(2,567,180)
Costais riaracháin	4b	(5,968,975)	(4,675,973)
Dímheas	4b	(425,021)	(384,896)
Brabús ar dhiúscairt		-	-
		(8,514,681)	(7,628,049)
Barrachas don bhliain	9	728,234	257,705

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 16 cuid de na Ráitis Airgeadais seo. Baineann an t-ioncam agus an caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 le gníomhaíochtaí leantacha.

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta Iomlán

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

Nótaí	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013 €'000	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2012 €'000
	Barrachas don bhliain	728,234
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanas na scéime pinsin	70,000	(22,000)
Athruithe ar thiomhdí faoi luach reatha dhliteanas na scéime pinsin	-	-
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach	70,000	(22,000)
Coigeartú an chistithe iarchurtha pinsin	(70,000)	22,000
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain	728,234	257,705

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2013

		An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013 €'000	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2012 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	5	2,748,502	2,969,352
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	6	98,899	53,433
Airgead sa bhanc		9,216,217	6,596,377
		9,315,116	6,649,810
Creidiúnaithe			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	7	(5,916,437)	(3,979,365)
Glansócmhainní Reatha		3,398,679	2,670,445
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais roimh Phinsin		6,147,181	5,639,797
Cistiú iarchurtha pinsin	11	1,250,000	(1,100,000)
Dlíteanais na Scéime Pinsin	11	(1,250,000)	1,100,000
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha		6,147,181	5,639,797
Maoinithe ag:			
Barrachas carnach	9	3,398,679	2,670,445
An Cuntas Caipítíl	8	2,748,502	2,969,352
		6,147,181	5,639,797

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 16 cuid de na Ráitis Airgeadais seo..

Stiúrthóir

Cathaoirleach

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

Nótaí	An Bhliain dar	An Bhliain dar	
	Críoch an 31 Nollaig 2013 €'000	Críoch an 31 Nollaig 2012 €'000	
Réiteach an bharrachais oibriúcháin go dtí glanshuim			
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas oibriúcháin don bhliain	9	728,234	257,705
Dímheas	5	425,021	384,896
Ús a Tuilleadh	3	(78,012)	(123,540)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta		-	-
Aistriú chuig an gCuntas Caipitiúil	8	(220,850)	(51,199)
(Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe	6	(45,466)	12,878
Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe	7	1,937,072	210,250
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		2,745,999	690,990
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		2,745,999	690,000
Torthaí ar infheistíocht agus ar sheirbhísiú airgeadais			
Ús a fuarthas	3	78,012	123,540
Glanchaiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	8	(204,171)	(333,697)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	8	-	-
Méadú ar airgead		2,619,840	480,833
Réiteach an ghlansreafa airgid do ghluaiseacht sna glanchistí			
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		6,596,377	6,115,544
Glanchistí amhail an 31 Nollaig		9,216,217	6,596,377
Méadú ar airgead		2,619,840	480,833

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 16 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Stiúrthóir

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Cathaoirleach
Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

1. Cistiú Stáit

Feidhmíonn an BTCP ar bhonn féinmhaoinithe ón 1 Eanáir 2010 i leith agus ní bhfuair siad aon chistiú Stáit in 2013.

2. Ioncam ó Tháillí Clárúcháin

B'ionann na táillí a fuarthas ó thiarnaí talún mar íocaíocht as clárú a dtionóntachtaí agus €10,715,676 (2012: €9,319,365).

De réir threoir an Aire, a rinneadh faoi Alt 176(5) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, 2004, pléitear le hioncam a fhaigheann an BTCP ar an mbealach a leanas:

D'Údaráis Áitiúla:

- › 20% sa bhliain, arbh ionann é agus €2,143,175

Coimeádta ag an BTCP i dtreo a gcostais riaracháin:

- › 80% sa bhliain, arbh ionann é agus €8,572,501

3. Ioncam Eile

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Ioncam ó ús	78,012	123,540
Costais dlí a aisghabhadh	40,058	13,253
	<hr/>	<hr/>
	118,070	136,793

4a. Costais Foirne

	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013 €'000	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2012 €'000
Foireann ar iasacht agus foireann an BTCP	1,604,687	1,601,511
Foireann Ghníomhaireachta	2,345	501,487
Costais Phinsin	376,509	357,659
Oiliúint Foirne agus Sealbhóirí Oifige	27,132	19,793
Costais Leasa Shóisialaigh	90,010	84,091
Costais eile foirne	20,002	2,639
	<hr/>	<hr/>
	2,120,685	2,567,180

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

Líonta foirne:

Ba é an líon foirne a d'fhostaigh an Bord sa bhliain ná 23 (2012: 23). Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 10 gcomhalta foirne eile ar iasacht don Bhord (2012: 10, tháinig beirt ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (2012: 2), beirt ón Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí agus duine amháin ón Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt.

Tobhach Pinsin:

Asbhaineadh tobhach pinsin €46,693.65 agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2012: €42,567).

4b.Caiteachas Riaracháin

	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013 €'000	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2012 €'000
Táillí Comhaltaí Boird	145,642	123,120
Táillí Chomhaltaí Binse	461,227	432,644
Táillí Breithneoirí agus Idirghabhálaithe	603,583	393,568
An Binse Cíosa (Nóta *)	7,069	1,353
Taisteal agus Cothabháil	42,725	22,050
Costais seachfhoinsithe	1,073,117	425,899
Táillí Dlí agus Gairmithe	1,931,215	1,559,614
Táillí iniúchta	8,554	12,928
Cuntasaíocht	50,687	76,944
Costais luathscríbhneoireachta	70,102	59,360
Costais Chruinnithe	7,258	7,539
Soláthairtí Oifige	127,525	112,858
Costais Phostais agus Leithdháilte	342,950	205,693
Costais Chló agus Aistriúcháin	75,620	220,788
Costais ghutháin	43,743	39,264
Faisnéis agus Oideachas Poiblí	31,327	2,622
Costais agus Cothabháil Ríomhaire	462,987	473,835
Costais bhunaíochta	383,835	395,590
Seirbhísí glantacháin	23,197	24,045
Staidéir Thaighde	51,587	55,067
Íocaíocht Dhéanach in Idirbheartaíochtaí Tráchtála	211	159
Ilghnéitheach	24,814	31,033
	5,968,975	4,675,973

Nóta*: Áirítear leo seo táillí agus agus taisteal agus cothabháil Chomhaltaí an Bhinse Cíosa.

Eagrú réir Iniúchadh an Ard- Reachtair Cuntas agus Ciste

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh ríomhaire agus forbairt bogearraí €'000	Feabhsú cháin Léasachta €'000	Troscán agus Feistis €'000	Trealamh Oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Iarmhéid tosaigh	2,425,574	1,746,933	204,262	84,328	4,461,097
Breisiúcháin	204,171	-	-	-	204,171
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2013	2,629,745	1,746,933	204,262	84,328	4,665,268
Dímheas					
Iarmhéid tosaigh	879,903	430,478	98,219	83,145	1,491,745
An muirear don bhliain	316,419	87,344	20,569	689	425,021
Dímheas ar dhíúscairtí	-	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2013	1,196,322	517,822	118,788	83,834	1,916,766
Glanluach Leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2013	1,433,423	1,229,111	85,474	494	2,748,502
Amhail an 31 Nollaig 2012	1,545,671	1,316,455	106,043	1,183	2,969,352

6. Féichiúnaithe

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Costais réamhíoctha	48,393	17,815
Costais Fhabhráithe Dí a Aisghabhadh	200	400
Ús infhaighte	31,794	26,235
Rialú Glanphá	-	-
Asbhaintí Deonacha	7,621	4,441
Féichiúnaithe éagsúla	10,891	4,542
	98,899	53,433

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

7. Creidiúnaithe

Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Creidiúnaithe agus fabhruithe	2,075,000	1,440,871
Suimeanna atá le hóc le húdaráis áitiúla	3,841,437	2,538,494
	<hr/> 5,916,437	<hr/> 3,979,365

Anailís ar na suimeanna atá le hóc le húdaráis áitiúla:

Leagtar amach sa tábla thíos na táillí a fuarthas sa bhliain ábhartha airgeadais agus na suimeanna a íocadh leis na húdaráis áitiúla ar leith as feidhmiú a bhfeidhmeanna faoi na Rialacháin um Chaighdeáin Tithe agus Leabhair Chíosá;

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Iarmhéid Tosaigh	2,538,493	2,874,198
Táillí a leithdháileadh ar údaráis áitiúla sa bhliain	2,142,944	1,864,295
Táillí a íocadh amach sa bhliain	(1,200,000)	(2,200,000)
Suimeanna atá le hóc le húdaráis áitiúla	<hr/> 3,481,437	<hr/> 2,538,493

Beidh na suimeanna atá dlite le hóc le húdaráis áitiúla ar leith i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach agus ar threorú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

8. An Cuntas Caipitil

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Iarmhéid Tosaigh	2,969,352	3,020,550
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistiú chun Sócmhainní a fháil	204,171	333,697
Amúchadh ar aon dul le dímhéas sócmhainní	(425,021)	(384,895)
Scaoileadh diúscairt Sócmhainne Seasta	-	-
	<hr/> (220,850)	<hr/> (51,199)
Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig	<hr/> 2,748,502	<hr/> 2,969,352

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais))

9. Barrachas/(Easnamh) Carnach

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Iarmhéid Tosaigh	2,670,445	2,412,740
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	728,234	257,705
Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig	<u>3,398,679</u>	<u>2,670,445</u>

10. Cóiríocht

I nDeireadh Fómhair 2007, shínigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha comhaontú léasachta 20 bliain maidir lena n-áitreabh ag Teach Dhroichead Uí Chonaill, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Cuimsítear clásal scoir sa léas ag deireadh bhliain 5. B'ionann an ceangaltas bliantúil faoin léas seo ag deireadh na bliana agus €264,424.

11. Aoisliúntas

a) Anailís ar na Costais Iomlána Phinsin a Gearradh ar Chaiteachas

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Costas reatha seirbhíse	160,000	150,000
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	60,000	48,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(38,490)	(37,647)
	<u>181,510</u>	<u>160,353</u>
Aoisliúntas (Foireann na Roinne)	194,999	197,305
	<u>376,509</u>	<u>357,658</u>

Faoi réir Iniúchadh an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

11. Aoisliúntas (ar lean)

b) Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Glandliteanas pinsin amhail an 1 Eanáir	(1,100,000)	(880,000)
Costas reatha seirbhíse	(160,000)	(150,000)
Costais seirbhíse roimhe seo	-	-
Costais úis	(60,000)	(48,000)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	70,000	(22,000)
Easnamh ag deireadh na bliana	(1,250,000)	(1,100,000)

c) Cistiú larchurtha le haghaidh Pinsean

Cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais an BTCP le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an BTCP méideanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean a eascraíonn as an scéim aoisliúntais ceadaithe seo ar bhunús sraith toimhdí ar a ndéantar cur síos in (e) agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

Aithnítear an Glanchistiú larchurtha le haghaidh Pinsean sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, a bhí mar seo a leanas:

	2013 €'000	2012 €'000
Cistiú atá in-aisghnóthaithe maidir le pinsean na bliana reatha	220,000	198,000
Deontas Stáit a úsáideadh chun pinsin a íoc	-	-
	220,000	198,000

B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2013 agus €1,250,000 (2012: €1,100,000).

d) Stair na ndualgas sochair shainithe

	2013 €'000	2012 €'000
Dualgais Sochair Shainithe	1,250,000	1,100,000
Gnóthachain ó thaithí ar Mhéid Dhliteanas na Scéime	70,000	(22,000)
Céatadán Dhliteanas na Scéime	(6%)	2%

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán agus €143,000 (2012: €213,000).

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Amhail an 31 Nollaig 2013, d'fhostaigh an BTCP 23 foireann Inphinsin (2012: 23).

Tá feidhm ag scéim aoisliúntais shochair shainithe, arna cheadú ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi I.R. Uimh. 625 de 2011, ar a dtugtar Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha 2011 i gcás fhoireann an BTCP. Maoinítear sochair ar bhunús "íoctar mar a úsáidtear". Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na foirne na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim shamhlach aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 17 ar luacháil iomlán achtúireach ag achtúire cáilithe neamhspleách a chuir ceanglais FRS 17 san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na dliteanais scéime amhail an 31 Nollaig 2013.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh:

	An 31 Nollaig 2013 €'000	An 31 Nollaig 2012 €'000
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Toimhde faoi mhéadú ar thuarastal	4.0%	4.0%
Toimhde faoi mhéadú ar phinsean	4.0%	4.0%
Boilsciú praghais	2.0%	2.0%

12. Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá an Bord ar an eolas ar a bhfreagrachtaí faoi na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002 agus bhunaigh siad nósanna imeachta agus próisis chuí lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí i gcomhréir leis na Rialacháin. Ríomh an Bord gurb ionann a ndlíteanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus €211.37 (2012: €159).

13. Cásanna Nár Réitíodh

Bhí thart 682 cás réitigh díospóidí ar feitheamh éisteachta ag an mBord amhail an 31 Nollaig 2013. Toisc go mbíonn an costas as an bpróiseas réitigh díospóidí éagsúil i ngach cás, níl aon soláthar le haghaidh na gcásanna neamhréitithe sin a cláraíodh roimh 31 Nollaig 2013 san áireamh sna Ráitis Airgeadais Ina theannta sin, tá thart ar 110 cás ag céimeanna éagsúla d'imeachtaí forfheidhmithe trí na Cúirteanna, nach bhfuil eolas faoina gcostais ar fáil fós agus níl aon soláthar déanta dóibh sna Ráitis Airgeadais.

14. Leas na gComhaltaí Boird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. Níorbh ann d'aon idirbheartaíochtaí sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí Boird.

Faoinn Síon Iníochtaí an Aidi-
Reachtairé Cuntas agus Ciste

Nótaí

(a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

15. Luach Saothair na Stiúrthóirí agus na gComhaltaí Boird

Luach saothair na Stiúrthóirí

Tuarastal na Stiúrthóirí €94,548

Tá an Stiúrthóir fostaithe faoi shocrú iasachta ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a íocann a tuarastal. Íocadh na méideanna a nochtadh thuas leis an Roinn mar aisíocaíocht tuarastail. Ní bhfuair an Stiúrthóir aon bhónais ná aon sochar comhchineáil in 2013. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear sa scéim shamhlach aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Íoctar táillí le Comhaltaí Boird bunaithe ar a bhfreastal ar an mBord agus ar chruinnithe choistí an Bhoird. Leagann an Roinn Airgeadais agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil rátaí na dtáillí.

Leagtar amach sa tábla thíos na táillí a íocadh in 2013. Tagraíonn na figiúirí thuas d'íocaíochtaí iarbhir a rinneadh le Baill an Bhoird i rith 2013. Mar thoradh ar a gcineál, baineann cuid de na híocaíochtaí seo le cruinnithe ar ar freastalaíodh in 2012. Ríomhtar an figiúr a chuimsítear i Nóta 4b do Tháillí na gComhaltaí Boird ar bhunús fabhráithe do gach cruinniú ar ar freastalaíodh i rith 2013, is cuma cén uair a ndearnadh na híocaíochtaí.

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ BOIRD AN BTCP IN 2013					
AINM	Cruinnithe Díospóid Tionótachta	Binsí	Táillí Boird	Eile*	IOMLÁN
John Tiernan	11,178	24,865	5,159	196	41,398
Patricia Sheehy Skeffington	9,121	24,620	5,096	196	39,033
Tim Ryan	8,161	21,156	6,076	0	35,393
Vincent P. Martin	4,371	13,585	784	392	19,132
Orla Coyne	5,430	8,525	7,574	392	21,921
Eoin O'Sullivan	0	22,615	0	902	23,517
Gene Feighery	3,675	11,775	1,197	0	16,647
Noel Merrick	10,540	5,585	3,136	196	19,457
John FitzGerald	11,290	2,275	2,548	0	16,113
Catriona Walsh	9,002	1,195	4,823	196	15,216
Finian Matthews	0	3,520	0	0	3,520
Thomas J Reilly	0	0	196	0	196
Noel Conroy	2,689	0	588	0	3,277
Gareth Robinson	2,211	0	588	0	2,799
Paul Flood	0	0	0	196	196
IOMLÁN	77,668	139,716	37,765	2,666	257,815

* Áirítear le 'Eile' íocaíochtaí a rinneadh as oiliúint (€1,764) agus as éisteachtaí an Bhinse Cíosa (€902).

Faoi reir Iníuchadh an Ard-
Reachtaire Cuntas agus Ciste

Níor íocadh táillí Boird leis na Comhaltaí Boird a leanas;

An tUasal Conn Murphy

An tUasal Joseph Meehan

An tUasal Kathleen McKillion

An tUasal Paula O'Reilly

An tUasal Rhonda Donaghy

Íocadh amach €18,214.77 le Comhaltaí Boird, freisin, as taisteal agus cothabháil a bhain leis an bhfreastal a rinne siad ar chruinnithe agus ar Bhinsí. Íocadh iad seo de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.


16. Faomhadhna Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 28 Feabhra 2014.

Faoi réir Iniúchadh an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste


Aguisín 1

An Próiseas Réitigh Díospóidí



Aguisín 2

Cairt Eagraíochtúil an BTCP



Ar mhaithe le hOrduithe Cinnidh a Fhorfheidhmíú agus chun déileáil le tiarnaí talún neamhchomhlíontacha, tá roinnt Feidhmeannach dlí/Aturnaetha ó ghnóthas Aturnaetha, Eversheds, ag oibriú ar an láthair sa BTCP.

AOF - Ardoifigeach Feidhmiúcháin **OF** - Oifigeach Feidhmiúcháin **OCF** - Oifigeach Foirne **OC** - Oifigeach Cléireachais

www.prtb.ie



An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Príobháideacha, Bosca Poist 47,
Cloich na Coillte, Contae Chorcaí.